



Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh

Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

NUACHTLITIR

Is éard is Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh ann ná tionscadal fuinnimh in-athnuaite de chuid Energia atá beartaithe a bheith suite amach ón gcósta thoir theas. Ginfidh an tionscadal leictreachas glan chun cumhacht a sholáthar do bhreis agus 500,000 teach agus gnó Éireannach nó a gcomhionann – rud a chuirfidh go mór le baint amach spriocanna laghdaithe carbóin na hÉireann.

Suirbhéanna le Teach

Rinne Energia iarratas ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar cheadúnas urthrú chun suirbhéanna a dhéanamh chun féidearthacht an tsuimh seo a dheimhniú chun freastal ar fheirm ghaoithe amach ón gcósta. Ceadaítear leis an gceadúnas, a deonaíodh i Meán Fómhair 2021, sraith suirbhéanna iniúchta láithreáin a sholáthróidh faisnéis riachtanach chun dearadh an tionscadail agus measúnuithe comhshaoil a chur chun cinn.

Tabharfar faoi shraith suirbhéanna geoifisiceacha amach idir Aibreán agus Bealtaine i mbliana (faoi réir coinníollacha aimsire maithe). Tá gnólacht Éireannach a chuireann sheirbhísí suirbhéireachta agus sonraí ar fáil, Green Rebel, ceaptha ag Energia chun na suirbhéanna geoifisiceacha a dhéanamh (féach íomhánna an bád suirbhé ar Leathanach 2).

Tá ráite ag idir Energia agus Green Rebel go bhfanfaidh limistéar an tsuirbhé ar oscailt i gcomhair iascaireachta fad is a bheidh na suirbhéanna ar siúl. Tá sé de bheartas ag Energia cómhaitheachtáil leo siúd a bhfuil leas acu san iascaireacht agus tá sé ráite aige go leanfaidh sé air ag obair as lámha a chéile le tionscal na hiascaireachta ar mhaithe linn go léir.

Is éard a bheidh i gceist leis na suirbhéanna geoiteicniúla ná samplaí a bhailiú chun airíonna dríodair ar ghrinneall na farraige agus faoi bhun an ghrinnill a chinneadh. Cabhróidh na sonraí ó na staidéir seo chun méid agus dearadh beartaithe na feirme gaoithe a chinneadh, mar aon lena suíomh, líon na dtuirbíní agus an fad ón gcósta.



Suíomh

Is tionscadal fuinnimh in-athnuaite í Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh atá beartaithe le bheith ar a laghad 10km, agus suas le 25km, amach ó chósta Phort Láirge.



Méid

Bheadh thart ar 40-60 turbín i gceist le gnáthfheirm ghaoithe 600-800MW amach ón gcósta.



Buntáistí

Geilleagrach

- Infheistíocht €2bn
- 800 post agus an obair thógála ar bun
- 70-100 post oibríochta agus cothabhála sa cheantar áitiúil
- Deiseanna slabhra soláthair do ghnólaigh áitiúla



Sóisialta

Faoin gCiste Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS), cuirfear ciste sochair pobail is fíú na milliúin euro ar fáil do thionscadail áitiúla gach bliain mar gheall ar ghnáthfheirm ghaoithe 600-800MW.



Ar chlé - soitheach suirbhé geofisiceach. Ar dheis - Peter Baillie, Stiúrthóir Bainistíochta, Energia Renewables agus Kieran Ivers, Príomhfheidhmeannach, Green Rebel.

Táimid ag leanúint ar aghaidh ag déanamh suirbhéanna míosúla ar mhamaigh mhara agus ar éin mhara ón aer chomh maith le suirbhéanna ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ar fud an láithreáin. Tá staidéir ag leanúint ar aghaidh chun roghanna nasctha eangaí agus láithreacha oiriúnacha le haghaidh áiseanna tógála agus oibriúcháin a shainaithint. Tá súil againn go mbeidh roghanna ar fáil le haghaidh comhairliúcháin níos déanaí i mbliana.

Clinicí Eolais

Chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag cónaitheoirí áitiúla ar eolas faoi thionscadal Fheirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh, tá clinicí eolais á reáchtáil againn ag láithreacha feadh chósta Phort Láirge.

Reáchtálfar na chéad chlinicí **Déardaoín, an 7 Aibreán 2022** ag na háiteanna agus na hamanna seo a leanas:

Trá Mhór

Ionad Pobail Riverstown, 10r.n. - 1i.n.

Dún Garbhán

Óstán Pháirc Dhún Garbhán, 4i.n. - 7i.n.

Tugann na clinicí seo deis do dhaoine den phobal bualadh le foireann an tionscadail, ceisteanna a chur, agus nuashonrú a fháil ar thionscadal Fheirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh. Tá coinní go pearsanta agus ar líne ar fáil.

Chun coinne a chur in áirithe, déan teagmháil le Aiveen Finn, Oifigeach Idirchaidrimh Pobail, ar 087 183 7452 nó seol ríomhphost chuig info@northcelticseawind.ie



Na chéad phointí luchtaithe ceangailte le cuaillí lampa d'fheithiclí leictreacha suiteáilte ag Energia Group, Comhlachas Tráchtála Phort Láirge agus Char.gy i bPáirc Ghnó Aerfort Phort Láirge

Mar chomhpháirtí fuinnimh inbhuanaithe Chomhlachas Tráchtála Phort Láirge, tá Energia Group ag tacú leis an tionscnamh 'Margadh Glas Phort Láirge' a bhfuil sé mar aidhm aige Port Láirge a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2040. Tá rochtain ar luchtú feithiclí leictreacha ina phríomhchumasóir do réitigh iompair inbhuanaithe agus tá Grúpa Energia bródúil as bheith páirteach sa chomhpháirtíocht seo. Bealach éifeachtach é comhtháthú na bpointí luchtaithe leis an mbonneagar sráide atá ann cheana féin, ar nós cuaillí lampa, chun clúdach na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha inár mbailte agus ár gcathracha a mhéadú.

Tá lúcháir orainn a bheith páirteach sa tionscadal seo le Páirc Ghnó Aerfort Phort Láirge.





Tuarascáil ar an gCéad Chomhairliúchán Poiblí Foilsithe



Tá an tuarascáil comhairliúcháin phoiblí den chéim tosaigh foilsithe ag Energia maidir leis an tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá beartaithe a bheith amach ón gcósta sa Mhuir Cheilteach Thuaidh.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine as an am a ghlacadh

le foghlaim faoin tionscadal le linn na tréimhse comhairliúcháin tosaigh i bhfómhar 2021 agus as aiseolas a chur isteach. Rinne foireann an tionscadail an t-aiseolas ar fad a cuireadh ar fáil a mheas go hiomlán agus beidh sé mar bhonn eolais don tionscadal amach anseo.

Le linn an chomhairliúcháin, rinneadh breis agus 7,690 amharc ar shuíomh idirlín an tionscadail agus 1,110 cuairt ar an seomra taispeántais ar líne, as ar tháinig 121 aighneacht san iomlán chuig foireann an tionscadail.

Bhí tuiscint shoiléir ag freagróirí ar an ngá le gníomhaíocht ar son na haeráide i rith an chomhairliúcháin. Ardaíodh rogha leathan ábhar san aiseolas, lena n-áirítear na próisis phleanála, buntáistí an tionscadail, an tionchar amhairc agus an iascaireacht. Tá freagraí na foirne tionscadail ar gach topaic ar fáil sa tuarascáil.

Cuid lárnach de Thionscadal na Mara Ceiltí Thuaidh is ea an comhairliúchán le pobail áitiúla, le tionscal na hiascaireachta agus le gach páirtí leasmhar agus táimid tiomanta do rannpháirtíocht leanúnach de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.

Ba í an tréimhse chomhairliúcháin tosaigh an chéad cheann de roinnt comhairliúcháin poiblí neamhreachtuil a reáchtálfar agus an tionscadal á fhorbairt. Ba é seo ár gcéad chomhairliúchán ó bhronn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ár gCeadúnas Urthrá i Meán Fómhair 2021. Beidh deis ag an bpobal freisin tuairimí faoin tionscadal a chur isteach ag an gcomhairliúchán reachtuil poiblí, a tharlóidh nuair a chuirfear an t-iarratas phleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Féach ar northcelticseawind.ie/publications/ chun an tuarascáil a fheiceáil.



Ógtheagmháil Dhún Garbhán

I mí Eanáir, bhí an-áthas orainn buaileadh go fíorúil le Rang Ógtheagmhála Dhún Garbhán, 2022 agus iad ag ullmhú dá modúl Ardteistiméireachta ar an mBithéagsúlacht Mhuirí.

Dhírigh ár gcur i láthair agus ár bplé ar bithéagsúlacht mhuirí; ról an phróisis Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (MTT) chun mionsonraí a thabhairt ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an gcomhshaol; agus conas is féidir tionscadail mar Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh a dhearadh chun an bithéagsúlacht a fheabhsú. Ba thacadóirí díograiseacha iad na scoláirí ar son na farraige, na bithéagsúlachta agus na gníomhaíochta ar son na haeráide, agus táimid ag tnúth le bualadh le chéile arís agus an tionscadal ag dul ar aghaidh.

Guímid gach rath orthu ina measúnuithe go luath!



Seachtain na Gaeilge le Energia 2022

Bhí an fhéile Ghaeilge is mó ar fud an domhain ar siúl idir an 1 agus an 17 Márta. Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge, agus í urraithe go bródúil ag Energia d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar ár dteanga agus ar ár gcultúr dúchais. Tar éis tús a chur léi i nGaillimh ag tús mhí an Mhárta, bhí Seachtain na Gaeilge ar siúl ar feadh coicise agus bhí meascán d'imeachtaí ar líne agus duine le duine ar siúl ag féile na bliana seo a léirigh ár #TraidisiúnNua!

I measc ambasadóirí na féile in 2022 bhí: Séaghan Ó Súilleabháin, a bhfuil aithne níos fearr air mar 'The Kerry Cowboy' ar TikTok; Cormac Ó hEadhra, comhláithreoir 'Drivetime' ar RTÉ Raidió a hAon; agus an t-imreoir rugbaí idirnáisiúnta, Sene Naoupu.





Baill foirne tionscadail ar chuairt ar ché ar an Dún Mór le déanaí chun an tionscadal a phlé leis an bpobal áitiúil iascaireachta.

Chun tuilleadh eolais a fháil:

I rith fhorbairt an tionscadail, beidh an tOifigeach Idirchaidrimh Iascaigh agus an tOifigeach Idirchaidrimh Pobail ar fáil i gcónaí chun an tionscadal a phlé leis an bpobal.



Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (OIP)

Aiveen Finn

☎ 087 183 7452

✉ info@northcelticseawind.ie



Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (OII)

Mark O'Reilly

☎ 021 2031005

✉ flo@northcelticseawind.ie

Eolas faoi Energia



Tá Energia ar cheann de phríomhchomhlachtaí fuinnimh na hÉireann agus soláthraíonn sé thart ar 20% de riachtanais iomlána leictreachais na hÉireann.



Tá Energia ag tacú le spriocanna gníomhaíochta aeráide na hÉireann le hastaíochtaí carbóin a laghdú faoina leath faoi 2030.



Tá 309MW d'fheirmeacha gaoithe ar talamh faoi úinéireacht iomlán ag Energia ar oileán na hÉireann.

Más mian leat cóip den leabhrán seo a fháil as Bhéarla, cliceáil ar:
www.northcelticseawind.ie/publications

